

NÓTAÍ

TÁBHACHTACH

Rachaidh sé chun leasa an té a bhfuil an leantóir á dhíol aige/aici:

- (i) Más rud é gur Cuideachta atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí (1963) é an Ceannaitheoir, a chinntiú go mbainfear úsáid as ainm agus seoladh na cuideachta mar a sonraíodh ar a Dheimhniú Corpraithe agus go mbeidh sé sínithe ag an Stiúrthóir Bainistíochta nó ag an Rúnaí.
- (ii) Más rud é nach cuideachta chláraithe é an trádálaí, a chinntiú go gcomhlánfar an fhoirm agus go mbeidh sí sínithe in ainm duine.
- (iii) Á chinntiú go gcomhlíonfar an fhoirm agus go seolfar chuig an oifig mhótarchánach áitiúil í chomh luath agus is féidir.

MURA NDÉANFAR SIN BEIDH D'AINM FÉIN FÓS LUAITE MAR ÚINÉIR CEADÚNAITHE AN LEANTÓRA

A. Cá huair ar chóir an fhoirm seo a úsáid?

Ba chóir an fhoirm seo a úsáid nuair a dhéanann aon duine nó aon chomhlacht leantóir nó leath-leantóir a dhíol, a thrádáil isteach nó a chur de láimh ar shlí eile. Ní mór an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig d'Oifig Mhótarchánach Áitiúil.

B. Cá huair nár chóir an fhoirm seo a úsáid?

Ná húsáid an fhoirm seo chun ceadúnas (an Chéad Cheadúnas nó Athnuachan) a fháil do leantóir nó do leath-leantóir a sháraíonn a mheáchan ceadaithe uasta 3,500kg nó chun aon athrú i mionsonraí an leantóra a chlárú - ní mór duit an Fhoirm Cheadúnaithe nó an Fhoirm maidir le hAthrú Sonraí (TF100) a úsáid.

C. Conas an fhoirm seo a chomhlánú?

Ní mór don té a bhfuil an leantóir a **DHÍOL** acu Cuid A agus Cuid C den fhoirm seo a chomhlánú. Ní mór don té a bhfuil an leantóir a **CHEANNACH** acu Cuid B den fhoirm seo a chomhlánú.

D. Cad a bheidh le déanamh ansin?

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe ag an Díoltóir agus ag an gCeannaitheoir:

- Ba chóir don **DÍOLTÓIR** Cuid C den fhoirm a scor agus í a thabhairt don **CHEANNAITHEOIR**.
- Ba chóir don Chceannaitheoir (**MURA DÉILEÁLAÍ MÓTAIR É**) a hainm/ainm agus a sheoladh/seoladh a chur sa roinn dar teideal "An Chéad Úinéir" ar Chárta Ceadúnais an leantóra.
- Ba chóir don Díoltóir Cuid A agus Cuid B den fhoirm seo **MAR AON** leis an Chárta Ceadúnais a chur ar aghaidh an Oifig Mhótarchánach áitiúil **LÁITHREACH**.
- Sa chás gur Déileálaí Mótair é an Ceannaitheoir, ba chóir don Díoltóir Cuid A agus Cuid B den fhoirm seo a sheoladh chuig an Oifig Mhótarchánach Láithreach. Níor chóir an Chárta Ceadúnais a sheoladh chuig an Oifig Mhótarchánach, áfach, ach é a thabhairt don Déileálaí Mótair, a choimeádfaidh é go dtí go ndíolfar an Leantóir arís.

E. MURA BHFUIL CÁRTA CEADÚNAIS AN LEANTÓRA AR FÁIL

MURA BHFUIL AN DÍOLTÓIR IN ANN CÁRTA CEADÚNAIS AN LEANTÓRA A CHUR AR FÁIL, BA CHÓIR DÓ AN FHOIRM IARRATAIS AR DHOICIMÉID ATHSHOLÁTHAIR (RF 134) A CHOMHLÁNÚ AGUS A SHEOLADH CHUIG AN OIFIG MHÓTARCHÁNACH ÁITIÚIL LEIS AN TÁILLE CHUÍ.

RABHADH - PIONÓIS

DLÍFEAR IONCHÚISEAMH AGUS D'FHÉADFADH PIONÓIS THROMA A BHEITH I GCEIST MAIDIR LE HAON DUINE A AISTRÍONN ÚINÉIREACHT LEANTÓRA AGUS NACH NDÉANANN NA TREORACHA THUASLUAITHE A GCOMHLÍONADH.